Organic

School Gardening Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

# Fál Sceach Dúchais nó Coillearnach a chur

SUITABLE FOR 3RD - 6TH CLASS • RANG 3 - 6 •

3-6

| | | |
|---|---|---|
| **Tráth na Bliana** | \| | Deireadh Fómhair - Feabhra |
| **Aidhm** | \| | Fálta sceach dúchasach a phlandáil. |
| **Acmhainní de dhíth** | \| | Meascán de phlandaí nó crainn fálta dúchasacha, aoileach atá lofa go maith, nó múirín saor ó mhóin, plaisteach/cairtchlár dubh, sluasaidí, liáin, rámhainní, pićí, lámhainní, tuí móta coirt/scotháin fhéir, miondeimheas, maidí plúir/bambú. |
| **Ábharthacht Thraschuraclaim** | \| | **OSIE:** Dúile beo, feasacht agus cúram imshaoil, iniúchadh/taighde, staidéar áitiúil agus oidhreacht<br>**Teangacha:** Focail nua, litriú, scríbhinní, litearthacht<br>**Ealaín:** Taispeántais, comharthaí<br>**OSPS:** Mise agus an domhan mór, ag forbairt saoránachta<br>**CORPOIDEACHAS:** Gníomhaíocht fhisiciúil<br>**Curaclam Neamhfhoirmiúil:** Clár na Scoileanna Glasa, Discover Primary Science |





# 1 Fál Dúchais Plandaí agus Crainn

Sceach Gheal, Draighean, Trom, Coll, Fearsaid Crainn, Cuileann,Feirdhris, Caorthainn, Fuinseog, Crann Blátha Silíní, Donnroisc, Crann Fia-Úll, Fearnóg, Dair agus Beith

**Nótaí:** ní féidir crainn lomfhréamhaithe a phlandáil ach amháin i mí na Samhna go Feabhra. Is féidir crann i bpotaí a chur ar feadh na bliana.

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

## 2 Fál sceach a chur



- Déan cinneadh faoin áit a bhfuil an fál le cur (go hiondúil feadh teorainn thailte na scoile agus foinsigh plandaí fálta sceach dúchasacha.
- Marcáil spotaí 300mm óna chéile sa tsraith ag baint úsáide as plúir nó maidí bambú. D'fhéadfadh go mbeadh gá le sraitheanna dúbailte nó fiú sraitheanna triaracha má tá do shuíomh an-nochta don ghaoth. Má tá tú ag cur níos mó ná sraith amháin, cuir na plandaí le chéile mar atá sa léaráid:

```
X    X     X     X     X
  X     X     X     X     X
```

- Déan poill timpeall 250mm ar doimhneacht.
- Cuir lián lán de mhúirín nó d'aoileach leis.
- Cuir an planda i bpoll; b'fhéidir go mbeidh ort na fréamhacha a ghearradh ag baint úsáide as miondeimheas ach amháin má tá siad ró-mhór le luí sa pholl.
- Cuir an ithir ar ais isteach timpeall na bhfréamhacha agus brúigh síos leis na cosa.
- Mótaigh an fál le stráice de phlaisteach dubh 1m ar leithead nó cairtchlár.
- Brúigh an plaisteach/cairtchlár le móta coirt/scotháin fhéir/tuí.
- Gearr na plandaí go 300mm ar airde chun forbairt fréamhacha agus fás nua a spreagadh ach fág planda gan lomadh timpeall gach 4m le bheith ina chaighdeán.

**Sláinte agus Sábháilteacht**

- Úsáid uirlisí go sábháilte i gcónaí.
- Nigh lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.
- Féach le do thoil ar an mbileog oibre ar Shláinte & Sábháilteacht le haghaidh mioneolais.

## 3 Crann nó coillearnach a chur

Déan cinneadh cén áit a bhfuil an crann nó an choillearnach le cur agus faigh crainn dhúchasacha.

Marcáil spotaí timpeall 1-2m óna chéile ag baint úsáide as maidí bambú nó plúir. Má tá coillearnach á dhéanamh agat, cuir na crainn go dlúth chun crainn arda a spreagadh.

Déan poill thart ar 350mm doimhneacht. Cuir lián lán de mhúirín nó d'aoileach leis.

Cuir crann isteach i bpoll; b'fhéidir go mbeidh ort na fréamhacha a ghearradh ag baint úsáide as miondeimheas ach amháin má tá siad ró-mhór le luí sa pholl.

Cuir an ithir ar ais isteach timpeall na bhfréamhacha agus brúigh síos leis na cosa.

Móta na gcrann ina n-aonar le 1m2 de phlaisteach dubh nó de chairtchlár 1m2.

Meáigh an plaisteach/cairtchlár le móta coirt/gearrthóga féir/tuí. Bain úsáid as spád chun imill an phlaistigh a thochailt lena choinneáil ina áit.

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

# 4 Smaointe do thionscadail taighde





**Mata** - Tomhas fás na gcrann thar 1 bhliain.

**OSIE** - Seiceáil cé mhéad feithid agus éan a fheictear sa choillearnach nó sa sceach nua; comparáid agus codarsnacht le himeacht ama.

**Oidhreacht Áitiúil** - An bhfuil aon chrainn dhúchasacha ar leith i do cheantar? An bhfuil aon chrainn speisialta nó coillearnacha ársa go háitiúil?

**Ealaín/Cumarsáid** - Déan taispeántas don ghairdín nó do chlár fógraí na scoileanna glasa maidir leis an bhfál sceach nó an choillearnach a chur.

**Adhmadóireacht** - Cad chuige ar féidir crainn a úsáid?

**Chun tuilleadh eolais a fháil**

**An tIdirlíon/an leabharlann**

**Oifigeach Oidhreachta Áitiúil & Oifigeach Comhshaoil**

**Ár gCrainn**

**Treoir maidir le Crainn Dhúchasacha na hÉireann a Fhás agus Mílaoise Nua á Cheiliúradh, ISBN 0-9518612-5-5 ar fáil ó Comhairle Crann na hÉireann**

**www.treecouncil.ie**

**CRANN - www.crann.ie**

**Crainn Dúchais a Fhoinsiú**

**Coillte - www.coillte.ie**

**An tIonad um Maireachtáil agus Oiliúna Comhshaoil**

**www.celtnet.org**